

Lá Fhéile Mártain

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi leabhar nua a bheidh á sheoladh Dé hAoine. An bhfuil na focail seo, a bheidh le cloisteáil sa mhír, ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- íobairt
- nósmhaireachtaí
- faobhar
- faobhar faoi (dhuine)
- tiomnaithe
- clúmh
- piseog
- corcán
- creideamh ársa
- sprochaille


Féach ar an nath cainte Muimhneach seo (i gcló trom) a bheidh le cloisteáil sa mhír:

Bhíodh **súp go cluas** orthu.

Cad is brí leis, dar leat?

Ceist 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an bpictiúr thíos agus bainigí úsáid as na focail faoi cheist 1 thuas chun ábhar na míre a phlé. Ná féachaigí ar an mír fós, bainigí úsáid as bhur samhlaíocht!



Ceist 3 Anois, féach ar an mír den chéad uair agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoi na deasghnátha a bhíodh ann fadó ar Lá Fhéile Mártaín.

Ceist 4 Cúrsaí Teanga

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil canúintí na Gaeilge ar fad agat? Cé acu canúint is deacra, dar leatsa?
2. An raibh aon chainteoir sa mhír a raibh deacracht agat é nó í a thuiscint? Cén fáth?
3. Ar cheart deireadh a chur leis an gCaighdeán Oifigiúil? Cén fáth?

Ceist 5 ‘...fuil **á** doirteadh...’ agus ‘...a leithéid **á dhéanamh**...’

1. An féidir leat an síneadh fada ar an ‘á’ (i gcló trom) a mhíniú sna samplaí thuas?
2. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar ‘doirteadh’? Agus cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘déanamh’?

Ceist 6 Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den tuiséal ginideach a chloiseann tú.

ar fud (Éire)	_____
ag doirteadh (fuil)	_____
leac (an doras)	_____
ceithre chúinne (an teach)	_____
ar feadh (an bhliain)	_____
ag baint (an clúmh)	_____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

íobairt – *sacrifice*

nósmhaireachtaí – *conventions/customs*

faobhar – *sharp edge of knife*

faobhar faoi (dhuine) – *busy and ready to go*

tiomnaithe – *dedicated*

clúmh – *plumage, feathers, down*

piaseog – *superstition, spell*

corcán – *pot*

creideamh ársa – *ancient religion*

sprochaille – *gill, dewlap, wattle (a loose fold of skin, usually brightly coloured, hanging from the neck or throat of certain birds)*

‘súp go cluas’ – nuair atá an-áthas ar dhuine (as go leor a ithe, b’fhéidir).

Ceist 2

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 3

Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh ar an méid a d’éirigh leo a thabhairt leo tar éis na chéad éisteachta.

Ceist 4

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 5

1. Úsáidtear an struchtúr seo mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, ‘Tá sé á cheannach (aici)’ = *It is being bought (by her)*. Sin atá i gceist sna samplaí:

‘fuil á doirteadh’ – *blood is being spilt*

‘leithéid á dhéanamh’ – *such is being done*

Tá ciall eile ag baint le ‘á + ainm briathartha’:

Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘*doing it*’.

2. Tá na rialacha a bhaineann le ‘á’ cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa dóigh is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, nó go bhfágтар lom é, ag brath ar inscne agus ar uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla:

bainne (firinscneach, uimhir uatha) á dhoirteadh,

fuil (baininscneach, uimhir uatha) á doirteadh,

deochanna (uimhir iolra) á ndoirteadh.

Ceist 6

ar fud (Éire)

na hÉireann

ag doirteadh (fuil)

fola

leac (an doras)

an dorais

ceithre chúinne (an teach)

an tí

ar feadh (an bhliain)

na bliana

ag baint (an clúmh)

an chlúimh

Eimear Ní Chonaola

Scian á cur¹ i gcoileach agus fuil á doirteadh mar íobairt: nós a bhí forleathan ar fud na hÉireann céad bliain ó shin, in ómós Naomh Márta. An deireadh seachtaine seo, seolfar *Blood Rite: The Feast of Saint Martin in Ireland*, an chéad saothar scolártha atá dírithe ar nósmaireachtaí Lá Fhéile Márta.

Bill Mag Fhloinn, Údar

Seo an t-aon phictiúr gurb eol dúinn ar an dtraidisiún² seo: duine ag marú agus ag doirteadh fola.

Seán Mac an tSíthigh

Lá 'le Márta³, an t-aonú lá déag de Shamhain, bhíodh faobhar faoi na mná fadó. Íobairt fola: coileach, cearc nó lacha tiomnaithe don naomh; nós atá imithe i léig ar fad anois. Ach tá cíoradh déanta ag Billy Mag Fhloinn ar bhreis is míle dhá chéad cuntas sa chnuasach béaloidis náisiúnta. Scagadh agus scoláireacht ina leabhar *Blood Rite: The Feast of Saint Martin in Ireland*.

Bill Mag Fhloinn, Údar

Ghearradh siad⁴ an muineál agus ligeadh siad⁵ amach an fhuil ar leac an dorais, agus uaireanta chuireadh siad⁶ i gceithre chúinne an tí é, agus bhí áiteanna áirithe ina mbáistíodh na leanaí agus na héinne⁷ sa tigh⁸ leis an bhfuil ar an éadan ansin. Chreid daoine go raibh cosaint ag an bhfuil, agus go raibh Naomh Márta in ann na daoine a choimeád slán ar feadh na bliana, agus olcas agus donas agus na haon rud⁹ a choimeád, agus fiú na daoine maithe a choimeád ón dtigh¹⁰ chomh maith.

Bríd Eoinín, Baile an Chalaídh

Is cuimhin liom mo mháthair chéile, bhí sí anseo, agus dúirt sí caithfimid an chearc bhán anois a mharú i gcomhair Lá 'le Márta. Ó, bhéarfá ar an gcearc agus bhéarfá ar chúl ar an gcearc agus bhainfeá an clúmh den muineál¹¹. Bheifeá ag baint an chlúimh den muineál¹¹ go mbeadh slí agat chun gabháil leis an scian ar an muineál agus tharraingeofá an fhuil agus chrochfá an chearc suas go dtitfeadh an fhuil.

Siobhán Uí Fhathaigh, An Buailtín

B'fhéidir gur piseog é... is dócha chun púcaí agus rudaí a choimeád amach. Ó bhídís ag súil go mór leis mar fiú amháin dá mba chearc a bheadh agat, b'fhéidir seanchearc, thabharfadh sé an lá sa chorcán ag beiriú, bhíodh súp go cluas orthu ag an anraith agus salann air agus práta. Agus dhéanfadh sé sin béile mór. Mar ní bhíodh béilí móra ann.

¹ á chur a deirtear

² Córas na Mumhan

³ Lá Fhéile Márta an leagan caighdeánach. Tugtar *Martinmas* an Bhéarla air freisin.

⁴ gearraidís an leagan caighdeánach

⁵ ligidís an leagan caighdeánach

⁶ chuiridís an leagan caighdeánach

⁷ gach éinne / gach aon duine an leagan caighdeánach

⁸ teach an leagan caighdeánach

⁹ gach aon rud an leagan caighdeánach

¹⁰ Córas na Mumhan

¹¹ Córas na Mumhan

Bill Mag Fhloinn, Údar

Íobairt agus doirteadh fola... táim réasúnta cinnte go bhfuil nasc an-láidir aige le hoíche Shamhna, agus go mbíodh a leithéid á dhéanamh fadó leis an gcreideamh ársa a bhíodh anseo, agus gur imigh sé ar aghaidh go dtí an Chríostaíocht.

Seán Mac an tSíthigh

Seolfar *Blood Rite: The Feast of St. Martin in Ireland* sa Daingean Dé hAoine beag seo. Ach, ní dócha go gcuirfidh sé fonn ar mhná na linne seo dul ag sceanairt¹² faoin sprochaille.

Bríd Eoinín, Baile an Chalaídh

Dhera, ní dóigh liom go mbeidís ábalta iad a mharú *anyway*, tá siad imithe ró-uasal. Hah?

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne

¹² *ag sceanadh* an leagan caighdeánach